AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 16 Feabhra 2022
(OR. en)

2021/0009 (COD)
LEX 2144

PE-CONS 78/1/21
REV 1

JAI 1245
DATAPROTECT 262
COPEN 404
FREMP 266
CODEC 1479

# TREOIR
# Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
# LENA LEASAÍTEAR TREOIR 2014/41/AE,
# A MHÉID A BHAINEANN LENA hAILÍNIÚ LE RIALACHA AN AONTAIS
# MAIDIR LE SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**TREOIR (AE) 2022/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 16 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Treoir 2014/41/AE,**
**a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Eanáir 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 62(6) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an Aontas, seachas an Treoir sin, lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis inniúla chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1(1) den Treoir sin. Is é is cuspóir an athbhreithnithe sin measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na gníomhartha dlí sin a ailíniú leis an Treoir sin agus chun na tograí is gá a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, chun iad a leasú d'fhonn cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi raon feidhme na Treorach sin. De thoradh an athbhreithnithe sin, rinneadh Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] a shainaithint mar cheann de na gníomhartha dlí atá le leasú.

---

[1] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[2] Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

(2) Is é atá i gceist le próiseáil sonraí pearsanta faoi Threoir 2014/41/AE faisnéis ábhartha a phróiseáil, a mhalartú agus a úsáid ina dhiaidh sin chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 82 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus cosaint éifeachtach sonraí pearsanta, ba cheart Treoir (AE) 2016/680 a chomhlíonadh, i gcás ina bhfuil feidhm ag an dara Treoir sin, le próiseáil sonraí pearsanta faoi Threoir 2014/41/AE. A mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i dtaca le himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, pointí (b), (c) agus (d), de Threoir 2014/41/AE, i gcás nach bhfuil feidhm ag Treoir (AE) 2016/680, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(3) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 2a de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus thug an Maoirseoir tuairim an 10 Márta 2021.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/41/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 1*

*Leasú ar Threoir 2014/41/AE*

I dTreoir 2014/41/AE, scriostar Airteagal 20.

*Airteagal 2*

*Trasuí*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs bhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |